

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams trí ghlaio comhdhála.

Cruinniú 12: 4:30 i.n., 16 Samhain 2020

I láthair: Daneve Harris, an Clr Kazi Ahmed, an Clr Yvonne Collins, Anne Genockey, Claire Markey, an Clr Brigid Manton, Paul

McNally, an Clr Joe Newman, an Clr Ed O'Brien, an Clr John Walsh, Brendan O'Halloran, an Clr Cathal Boland, Gerry McGuire, Colm Kilgallon, an Clr Michael Clark, an Clr Una Power, Ken Farrell, an Clr Peter Kavanagh, an Clr Pamela Kearns, an Clr Pamela Conroy.

I láthair: Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Debbie Howlett, Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta; Thea

Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna, Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna, Trevor Moore, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Bill Kavanagh, Oifigeach Foirgneamh, Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh & Maoine, Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

1. Clár Oibre an Chruinnithe
2. Miontuairiscí an Chruinnithe Dheireanaigh
3. Coistí agus Tuairisciú
4. Comhfhreagras ón Roinn
5. Comhfhreagras ó Dhaoine Eile
6. Tuarascáil Bhliantúil
7. Ceapadh Comhaltaí ar an mBord Bainistíochta

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr John Walsh, fáilte roimh an gClr Pamela Conway chuig an mBord agus roimh gach duine eile chuig an gcruinniú. Ansin thug sé fógra don Phríomhfheidhmeannach go raibh sé chun éirí as agus ghabh sé buíochas leis na comhaltaí boird agus le BOOÁCDL as a dtacaíocht le linn na bliana a chaith sé mar Chathaoirleach. Ghuigh an Clr Walsh gach rath ar an gCathaoirleach nua ina ról.

1. Ceapadh an Chathaoirligh

Ceapadh Daneve Harris mar Chathaoirleach BOOÁCDL
Paul McNally a mhol í agus Colm Kilgallon a chuidigh léi

D'éirigh Gerry McGuire as mar Leaschathaoirleach. Comhaontaíodh go gcuirfí ceapadh an Leaschathaoirligh siar go dtí ár gcéad chruinniú eile ar an 18 Eanáir 2021.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Comhbhrón

Rinneadh vótaí comhbhróin leis na daoine seo a leanas:

Ellen McManus, Ceannoifig, ar bhás a hathar, Jim. Iarfhostaí ANCO/FÁS.
Paul Fields, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, ar bhás a athar, Patrick.
Bás Ronan Connolly, iar-Phríomhoide Choláiste Pobail Ráth Miontáin (Móin Seiscinn)
Bill Kavanagh, Ceannoifig, ar bhás a athar, Bill.
Debbie Howlett, Ceannoifig, ar bhás a máthar, Éilis.

2. Clár Oibre an Chruinnithe

Comhaontaíodh clár oibre an chruinnithe

3. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

4. Faomhadh na Miontuairiscí Deireanacha

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar an 19 Deireadh Fómhair 2020 **Molta: An Clr. Joe Newman Cuidithe: An Clr. John Walsh**

5. Coistí agus Tuairisciú

5.1. Deimhníodh Coistí an Bhoird

Breisoideachas

5.1.1. Miontuairiscí BB Institiúid Breisoideachais na Carraige Duibhe, an 22 Meán Fómhair 2020

Iar-Bhunscoil

5.1.2. Miontuairiscí BB CP Choill an Rí, an 10 Meitheamh 2020

5.1.3. Miontuairiscí BB CP Choill an Rí, an 18 Meitheamh 2020

5.1.4. Miontuairiscí BB CP na Ciseoige, an 5 Bealtaine 2020

5.1.5. Miontuairiscí BB CP Mhóin Seiscinn, an 27 Lúnasa 2020

Bunscoil

5.1.6. Miontuairiscí BB PSS Danu, an 24 Meitheamh 2020

5.1.7. Miontuairiscí BB PSS Danu 23 Meán Fómhair 2020

5.1.8. Miontuairiscí BB CP Ghleann na hAbhann, an 1 Deireadh Fómhair 2020

Cuid 29

5.1.9. Taifead Cinnte, DANU2, SPS Danu 3 Samhain 2020

5.1.10. Taifead Cinnte, KINGCC1, CP Choill an Rí 23 Meán Fómhair 2020

5.1.11. Taifead Cinnte, KINGCC2, CP Choill an Rí 23 Meán Fómhair 2020

5.1.12. Taifead Cinnte, LUSCC5, CP Lusca 20 Meán Fómhair 2020

5.1.13. Taifead Cinnte, LUCCC25, CP Leamhcáin 20 Deireadh Fómhair 2020

5.1.14. Taifead Cinnte, LUTCC18, CP Bhaile Lotrail 19 Lúnasa 2020

5.2. Tuarascálacha ón bhFeidhmeannas

5.2.1. Nótáladh sonraí nuashonraithe maidir le próifíilí na mball foirne

5.2.1.1. Ceapacháin & Arduithe Céime

5.2.1.2. Daoine ag éirí as

5.2.1.3. Daoine ag dul ar scor

5.2.2. Cúrsaí Airgeadais

Programme	YEAR TO DATE OCTOBER 2020					
	Opening Grant Cash Balance 1st January 2020	Receipts	Payments - SUN		Payments	Closing Grant Cash Balance 31st October
TOTAL MAIN SCHEME PAY	(287,178)	(88,086,540)	90,953,259.92		90,953,260	2,579,542
TOTAL MAIN SCHEME NON-PAY	1,027,683	(6,701,727)	7,226,481.04		7,226,582	1,552,539
TOTAL ASSOCIATED MAIN SCHEME	(3,322,194)	(4,897,623)	2,417,319.56		2,417,320	(5,802,498)
TOTAL PRIMARY SCHOOLS	(503,990)	(1,676,188)	1,064,444.43		1,064,444	(1,115,734)
TOTAL CAPITAL	(3,775,947)	(11,884,208)	6,966,959.96		6,966,960	(8,693,195)
TOTAL THIRD LEVEL GRANTS	(171,666)	0	-		-	(171,666)
TOTAL NON-MAIN SCHEME	(2,961,868)	(30,551,403)	28,851,504.58	228,401.23	167612	(4,600,977)
TOTAL TRAINING CENTRES	(2,339,763)	(32,478,672)	22,696,265.93		22,696,266	(12,122,169)
TOTAL YOUTH SERVICES	(1,234,975)	(8,046,229)	7,651,655.60	167612	7,819,268	(1,461,937)
TOTAL AGENCY	(561,423)	(2,372,704)	2,768,252.06	228,401.23	2,539,851	(394,276)
TOTAL SELF-FINANCING	(6,326,386)	(3,593,214)	3,209,330.98		3,209,331	(6,710,269)
Bank Balance	(20,457,709)	(190,288,509)	(173,805,575)		173,805,575	(36,940,640)
		(190,288,386)			173,805,575	

Bhí iarmhéid thart ar €34m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL amhail ag deireadh Lúnasa 2020

Tá na deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Áirítear na deontais sin sa Phríomhscéim Bhainteach, Bunscoil agus Caipiteal sa tábla thuas.

		Opening Balance	Receipts	Payments	Closing Balance
Assoc MS	COVID19 Grant	0	0	111,818.27	111,818
Assoc MS	COVID19 EMPLOYING AIDE GRANT	0	0	60,017.85	60,018
Assoc MS	COVID19 CLEANING SUPPORT GRANT	0	(206,995)	56,663.01	(150,332)
Assoc MS	COVID19 ENHANCED SUPERVISION G	0	(657,615)	78,321.59	(579,293)
Assoc MS	COVID19 SANITISER & PPE GRANT	0	(762,542)	301,904.93	(460,637)
Primary	COVID 19 EMPLOYING AN AIDE GRA	0	(10,032)	5,549.17	(4,483)
Primary	COVID 19 CLEANING SUPPORT GRAN	0	(81,068)	12,187.27	(68,881)
Primary	COVID-19 SANITISER & PPE GRANT	0	(130,754)	23,971.48	(106,782)
Capital	COVID 19 MINOR WORKS GRANT	0	(2,239,212)	600,210.23	(1,639,002)
FET	COVID19 Overheads	0	(590,773)	244,884.91	(345,888)

5.2.3. Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Eolas is Déanaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Comhghairdeas agus buíochas foirmiúil leis na Cathaoirligh agus na Leaschathaoirligh. Táimid ag súil go n-éireoidh le BOOÁCDL agus go leanfaidh sé den fhás amach anseo.

Ó bhí an cruinniú deireanach againn, tá an eagraíocht ag obair go comhoibríoch chun feidhmiú ag Leibhéal Riosca 5 go dtí an 1 Nollaig 2020. Is é sin an chéad tosaíocht atá againn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Stiúrthóirí na Scoileanna (Adrian agus Nichola), as an tacaíocht leantach atá tugtha acu do Phríomhoidí ÁCDL, agus le Trevor Moore, atá ag stiúradh ár seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna. Seoladh an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna nua le déanaí agus tá plean gníomhaíochta á fhorbairt ag SOLAS faoi láthair i gcomhpháirt leis an earnáil BOO. Beidh ról tábhachtach ag BOOÁCDL ó thaobh chur i bhfeidhm an phlean sin de. Beidh cruinniú ag na Príomhfheidhmeannaigh le SOLAS amárach.

Maidir le hoiliúint don Bhord seo agus chun leanúint den phlé a bhí ann ag cruinnithe roimhe seo, is mian liom bhur n-aird a dhíriú ar an méid seo a leanas, agus na moltaí seo a leanas á ndéanamh againn le haghaidh na gcruinnithe agus na míonna amach anseo;

- Cuirfidh Debbie achoimre i láthair inniu ar ról agus fhreagrachtaí an Bhoird seo mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. Ba cheart go mbeadh sin ina mheabhrú ardleibhéil.
- Soláthróidh Crowe Consultants seisiún níos mine i ndáil le Rialachas Corparáideach i mí na Nollag.
- Go luath in 2021, eagróidh na Stiúrthóirí Scoile seisiún le haghaidh comhaltaí Bord Bainistíochta, ina gcuirfear na comhthéacsanna difriúla ar fad san áireamh.
- Tá an lámhleabhar nua Boird Bainistíochta (ina gcuimseofar comhairle dlí) á fhorbairt ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éirinn, agus cuirfear sin ar fáil duit a luaithe a bheidh sé críochnaithe.

Nuashonrú an Stiúrthóra Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha

Covid-19

Tá na baill foirne fós ag obair ó chian. I gceantair áirithe, tá baill foirne ag freastal ar an láthair oibre, ach ní tharlaíonn sin ach amháin má tá sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh. Tá na tuarascálacha Foirgneamh agus tuarascálacha um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta eile ar fáil mar chuid den chlár oibre. Déanfaidh Debbie Howlett cur i láthair achomair thíos.

Eolas is Déanaí na Stiúrthóirí Scoileanna

Stiúrthóirí Scoileanna: Feachtas Pátrúnachta

Tá an bheirt Stiúrthóirí ag stiúradh agus ag forbairt straitéis BOOÁCDL maidir leis an bhFeachtas Pátrúnachta, agus tá Oifigeach Cumarsáide páirtaimseartha, Janet Murphy, ag cabhrú leo an straitéis sin a thabhairt chun críche.

In 2018, d'fhógair an Rialtas bunú 42 scoil nua sa tréimhse ceithre bliana idir 2019 agus 2022. Rinneadh an cinneadh sin mar thoradh ar chleachtadh náisiúnta pleanáil chun cinn a chuir an Roinn i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an ngá le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar fud na tíre amach anseo. Ó rinneadh an fógra sin in 2018, tá sé fógartha gur bunaíodh dhá bhunscoil bhreise in 2019 agus 2020, mar aon le hiarbhunscoil trí mheán na Gaeilge in 2020 agus dhá hiarbhunscoil nua in 2021. Ciallaíonn sin, chun críche déimeagrafaice, gur féidir líon iomlán scoileanna de 47 a áireamh don tréimhse idir 2019 agus 2022.

Tá pátrúnacht á lorg ag BOOÁCDL le haghaidh bunscoile (Scoil Náisiúnta Phobail - SNP) agus iarbhunscoile (CP) sna ceantair seo a leanas:

Bunscoil

- Ceantar Dhomhnach Míde-Bhinn Éadair: Is Gaelscoil a bheith sa scoil nua

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

- An Naigín – Cill Iníon Léinín - Dún Laoghaire/Ráth an Dúin Thuaidh

Tabhair do d'aire: Tá an dá scoil seo a leanas curtha siar ó 2021

- Bré – Sruthán na Coille - Seangánach
- Cluain Dolcáin BÁC 22

Iar-Bhunscoil

- Baile an Bhóthair - An Charraig Dhubh & Dún Laoghaire
- An Naigín – Cill Iníon Léinín - Dún Laoghaire/Ráth an Dúin Thuaidh

Tá na scoileanna sin sainaitheanta mar Réitigh Réigiúnacha, agus tá sé pleanáilte go bhfreastalóidís ar níos mó ná ceantar pleanála scoile amháin. Tá an feachtas pátrúnachta faoi lánseol i gcás gach ceann de na scoileanna thuas.

Dul chun cinn go dtí seo:

- Meáin Shóisialta: Tá leathanaigh Facebook agus Instagram ann do gach ceantar díobh, agus tá líon na leantóirí ag dul i méid de réir a chéile de bharr chur chun cinn scoileanna BOO: Iomlán in éineacht: 6300.
- Liostaí seoltaí comhtháite: Comhtháthaíodh na liosta seoltaí i láithreáin ghréasáin BOOÁCDL agus SNP BOOÉ, agus mar sin tá fógraí saincheaptha ann anois chun ceisteanna bunscoile agus iarbhunscoile a fhreagairt.
- Láithreáin ghréasáin: Blaganna agus teistiméireachtaí ó thuismitheoirí, baill foirne agus daltaí SNP agus CP ar láithreáin ghréasáin SNP agus ÁCDL, agus iad sin nasctha le fógraí postála ar na hardáin thuas.
- Preaseisiúint: Binn Éadair - 'The Northside People'.
- Seisiúin faisnéise ar líne: Cruinnithe Teams le grúpaí tuismitheoirí, naíolanna agus grúpaí pobail – nasc lenár "Voice on the Ground".

Tá Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOÁCDL ag lorg cabhair ó na comhaltaí Boird chun tacú leis an bhfeachtas pátrúnachta. **Eolas is Déanaí an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna**

Tá ag éirí go geal leis na clárúcháin Iar-Ardteistiméireachta (PLC). Cé gurb é an 30 Samhain an spriocdháta le haghaidh dearbhuithe, tá mórchuid ár gcomhghleacaithe tar éis an tasc seo a thabhairt chun críche. Mar sin is féidir linn a thuar, agus a bheith réasúnta cinnte de, go mbeidh thart ar 2,600 dalta inár dTuairisceán PLC. Is ionann sin, nach mór, agus 2018 agus tá sé beagáinín níos lú ná figiúr 2019 (2,741).

Tá ag éirí go maith le hOiliúint Fostaithe i mbliana go dtí seo. Tá na figiúirí bliain ar bhliain níos airde ná in 2019 maidir le Cúrsaí Oiliúna Fostaithe (911) agus Scileanna Dul chun Cinn (853). Tá soláthar na hoiliúna ar líne tar éis foghlaimeoirí fostaithe a mhealladh, agus tá cuideachtaí ag iarraidh deiseanna a thapú i rith na géarchéime reatha chun oiliúint bhreise a chur ar fáil do bhaill foirne.

Trí Sheirbhís Oideachas Aosaigh Bhaile Bhlaínseir, thug BOOÁCDL cohórt nua foghlaimeoirí isteach chun tosú ar an tionscnamh EXPLORE i mí na Samhna. Bhí moill air sin mar gheall ar na srianta COVID ach is cúis áthais dom a rá go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an tionscnamh le tacaíocht ó fhostaithe. Forbraíodh an tionscnamh Explore chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht íseal na hÉireann i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus tá d'aidhm aige go háirithe díriú ar dhaoine os cionn 35 bliana d'aois atá i bhfostaíocht déantúsaíochta.

Táthar ag dréim le painéal nua Fíordheimhneitheoirí Seachtracha a shainithint lena chinntiú go bhfuil rochtain ag ionaid BOO ar sholáthar leordhóthanach Fíordheimhneitheoirí Seachtracha, a mhaoirseoidh an próiseas measúnaithe agus deimhneithe agus a chinnteoidh go bhfuil dearbhú cáilíochta ag baint leis. I samhradh 2020, d'ainneoin na hionaid

a bheith dúnta, bhain foghlaimeoirí BOOÁCDL 18,220 miondámhachtain amach in 420 modúl éagsúla. Beidh an fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna ag tabhairt faoi phleanáil i ndáil le Straitéis nua Breisoideachais agus Oiliúna 2020-2024.

5.2.4. Tuarascáil ar na Foirgnimh

Mórtionscadail Chaipitil 2020

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Ceantar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Guaise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Scoile nua, Céim 2B á hullmhú don Roinn Oideachais. Arduithe táille gan íoc le réiteach fós ach dul chun cinn déanta maidir leis seo.
Coláiste Pobail Naomh Fhinín, Feirm an Chaisleáin, Sord.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Sínte, 13 Sheomra Ranga Ginearálta & Shainsheomra. BOOÁCDL ag obair i gcomhar leis an DOE ar scóip leasaithe.
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Is é atá sa tionscadal ná leasúchán/athchóiriú ar limistéir shainithe áirithe laistigh den choláiste. Á bhainistiú ag an DOE. Tá Cead Pleanála taiscthe ag an DOE le haghaidh oibreacha leasúcháin.
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Síneadh & Athchóiriú. Tuairisc Céim 2B seolta chuig an Roinn Oideachais. Ceadú chun dul ar aghaidh le Réamhcháiliú Conraitheoirí.
Coláiste Chilliaín, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Ceadú chun dul ar aghaidh le Réamhcháiliú Conraitheoirí
Scoil Speisialta Benincasa. 1 Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath	Baile Átha Cliath Thoir Theas. Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.	Athchóiriú an fhoirgnimh reatha. Ag céim 2B leis an DOE. Ag fanacht freisin ar chinneadh maidir le hardú táille.

Mórtionscadail Chaipitil 2020 ar lean.

Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Ceantar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Foireann Deartha ceaptha. Céim 1 á hullmhú.
---	--	--

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Athchóiriú Seomraí Ranga. Tairiscint na Foirne Deartha Seolta ar ais
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh ?	Ag Céim 2b, ag fanacht le cinneadh ón DOE faoi láthair, ceadú chun dul ar aghaidh le Réamhcháiliú Conraitheoirí.
Coláiste Pobail na Sceirí, Sráid Bhaile Brigín, Bóthar Pháirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Cead tugtha ag an DOE le haghaidh síneadh nua.
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Ráth Miontáin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Foireann Deartha Ceaptha. Céim 1 á hullmhú.
Clár Oibreacha Samhraidh 2020.		Tairiscintí á Lorg Faoi Láthair.
TIONSCADAIL CHÓIRÍOCHTA SHEALADACHA 2020		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Ceantar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Conraitheoir ar an láthair Dáta Críochnaithe Measta Nollaig 2020.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an DOE, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL.
Coláiste Pobail an Ghrifín, Bhóthar an Naoú Loc, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath	Contae Bhaile Átha Cliath Thiar Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Próiseáil Tionscadail ar an Láthair. Dáta Críochnaithe Measta Nollaig 2020.

Eolas is Déanaí faoi Réadmhaoine : Léasanna/Ceadúnais

Léasanna

- Teach an tSáirséalaigh Baile Brigín – idirbheartaíocht léasa idir lámha ón mbliain seo caite i dtaca le hathnuachan an léasa don 2ú/3ú urlár. Tá an léas tugtha chun críche agus síníodh é an mhí seo.
- Aonad Satailíte Ionad Oiliúna Bhaile Dúill – tá an léas don ionad seo imithe in éag ó bhí Aibreán 2020 ann. Táimid tar éis an léas athnuachana a thabhairt dár ndlíodóirí lena athbhreithniú. Ceadúnais
- Lárionad Spóirt CC Theach na Giúise – tá cuid den Lárionad Spóirt tógtha ar léas ag an naíolann Small Steps Together Ath-idirbheartaíocht ar siúl faoi láthair mar gheall ar dhúnadh an ionaid toisc Covid-19.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

- Coláiste Pobail Leamhcáin – eisíodh ceadúnas 2 bhliain in Eanáir 2020 le go bhféadfadh club peile Arthur Griffith Park leas a bhaint as páirc pheile na scoile.
- Scoil Náisiúnta Inis Pádraig – chuaigh an ceadúnas in éag i nDeireadh Fómhair 2020. Tá ceadúnas á dhréachtú a thabharfaidh cead don scoil ár bhfoirgneamh a áitiú sna cúig bliana atá romhainn amach. Tá cúram á dhéanamh de seo ag ár ndlíodóir faoi láthair.
- Scoil Náisiúnta Phobail, Scoil Aoife – ceadúnas á dhréachtú a thabharfaidh cead don naíscoil Care & Cuddles leas a bhaint as limistéar sa scoil. Tá cúram á dhéanamh de seo ag ár ndlíodóir faoi láthair.
- Iar-Choláiste Sinsearach Dhún Laoghaire (Eblana) – á úsáid go sealadach faoi láthair ag an Roinn Oideachais & Scileanna chun áitreabh a thabhairt do Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Dhún Laoghaire. An fáth leis sin ná go bhfuil oibreacha leasúcháin ar siúl ina scoil féin – tá an ceadúnas dréachtaithe agus é fós le síniú.
- Campas Citywest – á úsáid go sealadach faoi láthair ag an Roinn Oideachais & Scileanna chun áitreabh a sholáthar do scoileanna a bhfuil oibreacha leasúcháin tar éis dul i gcion orthu – ceadúnas dréachtaithe agus le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais & Scileanna lena athbhreithniú.

Eile

- Coláiste Pobail Ériu - tá seomraí á n-úsáid go sealadach ag CP Ériu faoi láthair in Ionad Pobail Bhaile Lotrail. Comhaontú Úsáideora Sínithe le Comhairle Contae Fhine Gall

Ceannach Láithreáin le haghaidh Choláiste Pobail an Ghrifín

Molta Ken Farrell Cuidithe An Clr. Pamela Kearns

6. Comhfhreagras ó Roinn Rialtais

- 6.1. Litir arna dátú an 27 Deireadh Fómhair 2020 ó Fhoirgneamh na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le: léas Theach Burgandy Sord
- 6.2. Litir arna dátú 15 Deireadh Fómhair 2020 ó oifig an Aire maidir le: admháil go bhfuarthas litir i ndáil leis an nganntanas áiteanna scoile i mBaile Átha Cliath 15
- 6.3. Litreacha Ciorclán Roinne

7. Comhfhreagras ó Dhaoine Eile

- 7.1. Litir arna dátú an 10 Samhain 2020 ó Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le: Ceapadh an Chomhairleora Pamela Conroy ar Bhord BOOÁCDL.

8. Tuarascáil Bhliantúil leasaithe

An Clr Joe Newman a mhol, Gerry McGuire a chuidigh

9. Ceapadh Comhaltaí Boird Bainistíochta **Curtha Siar**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

10. Athbhreithniú Chomhaltaí Boird Bainistíochta

An Comhairleoir Cathal Boland chun áit an Chomhairleora Joe Newman a thógáil ar Bhord Ógtheagmháil Shord **Ken Farrell a mhol An Clr Joe Newman a chuidigh Molta ag Ken Farrell Cuidithe ag an gClr. Joe Newman**

11. Aon ghnó eile

Oiliúint Comhaltaí Boird BOOÉ, Céadaoin 9ú Nollag ag 4.30pm

Ceannach láithreáin 5.7 acra le haghaidh CP Ghrifín: **Molta ag Ken Farrell Cuidithe ag an gClr. Pamela Kearns**

12. An chéad chruinniú eile

18 Eanáir 2021

Daneve Harris

Daneve Harris (Feabhra 16, 2021 18:11 GMT)

Cathaoirleach

16/02/2021